Ná bíodh salachar do chuid madra ina fhadhb ag gach duine eile.

Toisc thromchúiseach is ea salú ag madraí! Ní hamháin gur bruscar sofheicthe gránna é, is guais sláinte thromchúiseach chomh maith é, go háirithe ó thaobh ár leanaí ag spraoi i spásanna oscailte. Is féidir baictéir agus péisteanna a tholgadh trí theagmháil le faecas madraí. Bíonn leanaí agus lapadán go háirithe i mbaol toisc go bhféadfaidís teacht air agus iad ag spraoi. Is féidir le baictéir i bhfaecas gaistreintríteas a chur faoi deara is cúis le hurlacan agus le buinneach. D'fhéadfadh péisteanna a phioctar suas ó fhaecas daille a chur faoi deara i leanaí, agus bíonn roinnt cásanna ann gach bliain.

Bíonn an Chomhairle Contae ag déileáil go leanúnach le salachar madraí a ghlanadh suas timpeall an Chontae de réir Deirdre Cox, Oifigeach Feasachta Comhshaoil le Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh. "Caitheamh bruscair de chineál is ea salú ag madraí agus caithfidh an pobal a thuiscint nach núis bhruscair amháin é salú madraí ach go bhféadfadh sé a bheith ina ghuais sláinte chomh maith, ba mhaith linn úinéirí madraí a ghríosú glanadh suas i ndiaidh a gcuid madraí agus salachar madraí a dhiúscair sna boscaí bruscair dearga saincheaptha do shalachar madraí" a deir sí.

Cuireadh boscaí bruscair do shalachar madraí ar na shiúlbhealaí a bhfuil tóir orthu ina measc Gort Oileáin Rua , Bóthar Chonnláin, Tigh Eoin, Bóthar Richmond, Bóthar Bhaile Átha Cliath agus an Bóthar Dorcha. Níor chóir ach salachar madraí a chur sna boscaí bruscair seo, agus úsáid á baint as do mhála páipéir nó plaisteach féin nó as sluaistín caca. Is féidir sluaistíní caca a fháil saor in aisce ó oifigí na Comhairle Contae nó na Comhairle Baile.

"Agus feabhas ag teacht ar an aimsir anois, is minic a bhíonn daoine amuigh ag siúl lena gcuid madraí agus ba mhaith liom a chur i gcuimhne do dhaoine a bheith níos freagraí agus salachar a gcuid madraí a ghlanadh suas. Mura ndéanann tú amhlaidh, tá cion bruscair á dhéanamh agat faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997. Féadfaidh an Chomhairle €150 d'fhíneálacha a eisiúint ina thaobh seo".

Tá uimhir Shaorghlao Bruscair á oibriú ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh áit a spreagtar daoine den phobal glaoch le heachtraí caite bruscair a thuairisciú.
Saorghlao 1800 250 350.